

RÓISÍN: Réamhobair

**A** Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- An bhfuil tú ag súil leis an Nollaig?
- Céard a bheas ar siúl agat le linn na Nollag?
- An bhfuil tú go maith ag roghnú bronntanas?
- An bhfuil súil agat le bronntanas ar leith an Nollaig seo?

**B** Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

ag súil le Daidí na Nollag	presents
bronntanais	Christmas
mí na Nollag	looking forward to Santa
eagraíochtaí carthanachta	a big meal
maisíúcháin	decorations
am a chaitheamh le do chlann agus le do chairde	a break from work
an Nollaig	celebrating
béile mór	charitable organisations
ag ceiliúradh	to spend time with family & friends
sos ón obair	December

**C** Líon na bearnaí leis na focail ó Chuid B thuas.

1. “Tá \_\_\_\_\_ buailte linn is tá áthas san aer!”
  2. Bíonn scrúduithe ar siúl sa scoil i \_\_\_\_\_ agus bímid faoi bhrú mór acu – bíonn an tsaoire ag teastáil!
  3. Anuraidh, b’éigean dom \_\_\_\_\_ a cheannach do gach duine sa chlann ach i mbliana táimid le Kris Kringle a dhéanamh mar níl an oiread costais ag gabháil leis sin.
  4. Bíonn na h\_\_\_\_\_ an-ghnóthach faoi Nollaig.
  5. Go hiondúil, fanann muid sa bhaile faoi Nollaig ach beidh muid \_\_\_\_\_ i dteach mo sheanmhuintire i mbliana.
  6. Is deis í an Nollaig \_\_\_\_\_.
  7. Glacann mo thuismitheoirí \_\_\_\_\_ faoi Nollaig mar gurb é an t-aon am den bhliain a bhíonn muid ar fad sa bhaile le chéile é.
  8. Itheann muid \_\_\_\_\_ lá Nollag: turcaí, liamhás, búiste, anlann mónóg, prátaí rósta... agus súlach, dar ndóigh!
  9. Bíonn sé deacair páistí óga a chur a chodladh oíche Nollag mar bíonn siad ar bís agus iad \_\_\_\_\_.
- Cuirtear \_\_\_\_\_ ar fud an tí sna seachtainí roimh an Nollaig: coinnle, soilse, tinsil agus, dar ndóigh, an crann Nollag.

**D** Meaitseáil na freagraí leis na ceisteanna thíos.

Meiriceá Thuaidh	an Aidbhint	drualus
Jacob Marley	An tAigeán Indiach	carr sleamhnáin
Isaac Newton	Rudolph	an phléascóg Nollag
1914		na Trí Rí

- Cén t-ainm atá ar an réinfhia leis an tsrón dhearg?  
\_\_\_\_\_
- Cén modh iompair atá ag Daidí na Nollag?  
\_\_\_\_\_
- Cé hiad Balthazar, Melchior agus Caspar?  
\_\_\_\_\_
- Céard a thugtar ar an tréimhse a thagann roimh an Nollaig?  
\_\_\_\_\_
- Cén t-ainm a bhí ar an taibhse ón úrscéal *A Christmas Carol*?  
\_\_\_\_\_
- Cén planda a chrochtar le póga a bhaint as daoine faoin Nollaig?  
\_\_\_\_\_
- Aimsíodh Oileán na Nollag Lá Nollag 1643, ach cá bhfuil sé?  
\_\_\_\_\_
- Cé as a dtagann an turcaí?  
\_\_\_\_\_
- Cén t-earra a bhaineann leis an Nollaig a tosaíodh á úsáid i 1847?  
\_\_\_\_\_
- Cén fisiceoir, ar a dtugtar Athair na Fisice, a rugadh Lá Nollaig sa bhliain 1642?  
\_\_\_\_\_
- Cén bhliain a tharla an sos cogaidh cáiliúil faoi Nollaig idir saighdiúirí Shasana agus saighdiúirí na Gearmáine nuair a stop an troid do chluiche peile idir an dá thaobh?  
\_\_\_\_\_



**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

**1. Cén fáth a mbíonn brú aisteach ar dhaoine faoi Nollaig, dar le Róisín?**

- Mar bíonn na siopaí plódaithe
- Mar bíonn go leor rudaí le heagrú
- Mar bíonn orainn go leor airgid a chaitheamh ar dhaoine eile

**2. Cé mhéad airgid a chaithfidh an cailín ar a teaghlach?**

- Tá nós sa chlann bronntanais lámhdhéanta a thabhairt dá chéile
- Fiche nó tríocha euro ar a mhéad
- Thart ar dhá chéad euro san iomlán

**3. Cén fáth nach bhfuil a chuid siopadóireachta déanta ag an bhfear?**

- Mar tá cúpla seachtain aige le tabhairt faoi fós
- Níl a dhóthain airgid aige faoi láthair
- Ní ghlacann sé páirt i gceiliúradh na Nollag

**B** Tomhais!

Gan ainm an ruda a rá, déan cur síos ar na bronntanais ar do luaschárta (thíos) do do pháirtí ranga agus iarr air nó uirthi buille faoi thuairim a thabhairt maidir lena bhfuil i gceist. Is iad na buaiteoirí an bheirt is tapúla ag aimsiú gach freagra!

*Mar shampla:*

- “Tugtar i bpéirí i gcónaí an bronntanas seo.
- ...Caitear ar na cosa iad.
- ...Coinníonn siad do chosa te.
- ...Déantar as olann iad.
- ...Tá siad ort faoi láthair...!!!

Freagra: “Stocaí!”



**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

- 1. Cén fáth a mbíonn daoine uaigneach faoi Nollaig, dar le Maggie?**
  - Mar déanann daoine dearmad orthu
  - Mar bíonn an aimsir fuar agus bíonn sé deacair ar dhaoine an teach a fhágáil
  - Mar bíonn siad ag cuimhneamh ar an dream atá imithe
- 2. Cén rud is mó a cheannaíonn Maggie dá cuid garpháistí?**
  - éadach
  - bréagáin
  - bróga
- 3. An gceapann Mae go bhfuil a dhóthain ag na páistí cheana féin?**
  - Ceapann
  - Ní cheapann
  - Níl a fhios aici
- 4. Cé dó amháin a gceannaíonn na daoine fásta bronntanas i gclann Mhae?**
  - dá ngásúr nó gasúir féin amháin
  - dá ngasúr baiste amháin
  - dá gcéile amháin
- 5. Cén aois é an páiste is óige atá ag Mae?**
  - sé mhí
  - trí bliana d'aois
  - aon bhliain déag d'aois
- 6. Céard é an rud is mó a bhfuil Mae ag súil leis don Nollaig?**
  - An draíocht a ghabhann le maidin Nollag agus na páistí ag fáil féiríní ó Dhaidí na Nollag
  - An clann a bheith mórthimpeall uirthi
  - An sos ón obair

**B** Agallamh: Cuir na ceisteanna thíos ar do pháirtí ranga.

- An dtaitníonn an Nollaig leat? Cén fáth?
- Cé na trífhocal is mó a shamhlaíonn tú leis an Nollaig?
- Céard é an rud is tábhachtaí faoi Nollaig duitse?
- Déan cur síos ar chuimhne ar leith atá agat ó Nollaig d'óige agus inis dom faoi.
- Cén t-am den lá a osclaíonn tú do chuid bronntanas, de ghnáth?
- Céard a itheann tusa agus do chlann Lá Nollag?
- Céard atá tú a iarraidh don Nollaig i mbliana?



**A** Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

**1. Cén saghas amhrán atá ar an albam, Déan Gairdeachas?**

- amhráin Nollag
- amhráin thraidisiúnta
- amhráin nuachumtha

**2. Cé mhéad amhrán atá ar an albam?**

- 12
- 15
- 25

**3. Cén fhad a bhfuil an cór le chéile?**

- díreach os cionn bliana
- cúig bliana
- beagnach ocht mbliana déag

**4. Cén chúis is mó a tháinig an grúpa le chéile, dar le Darren?**

- Bhí siad ag iarraidh grúpa a chur le chéile le freastal ar ócáidí áitiúla
- Bhí na baill ag lorg slí leis na hoícheanta geimhridh a chaitheamh
- Bhí siad ag iarraidh dul in iomaíocht le Cór Chúil Aodha

**5. Cén t-am den bhliain a bhíonn Tionól Niocláis Tóibín ar siúl go hiondúil?**

- sa gheimhreadh
- i mí Feabhra
- sa Mheitheamh

**B** An Nollaig ar fud an domhain.

Joyeux Noël	An Laidin
Buon Natale	An Ghearmáinis
Nadolig Llawen	An Fhraincis
Mutlu Noeller	An Tuircis
Feliz Navidad	An tSualainnis
God Jul	An Chatalóinis
Frohe Weihnachten	An Ollainnis
Wesołych Świąt	Gaeilge Mhanann
Kala Christouyenna	An Pholainnis
Bon Nadal	An Bhreatnais
Vrolijk Kerstfeest	An Spáinnis
Felicem Diem Nativitatis	Gaeilge na hAlban
Nollick Ghennal	An Ghréigis
Nollaig Chridheil	An Iodáilis

C Díospóireacht ranga.

Ullmhaigh díospóireacht ar cheann de na rúin thíos le do ghrúpa ranga.

Tá níos mó béime ar chúrsaí ceannacháin ná mar atá ar chúrsaí  
carthanachta faoi Nollaig.

*nó*

Is fearr i bhfad crann saorga a cheannach ná crann ceart  
a fháil gach bliain.

## Luaschártaí do Chuid 1, Páirt B

### IMREOIR A hAON

babóg	sparán	leabhar
yó-yó	slipéir	clár scátála
bosca seacláide	liathróid	geansaí
rothar	cluiche ríomhaireachta	giotár
fón póca	madra	bréagán cairr

-----

### IMREOIR A DÓ

uaireadóir	cóta	dearbhán bronntanais
coinnle	pitseámaí	sobalfolctha
smideadh	cáca Nollag	ceamara
bréagán traenach	muga	róbat
leabhar dathúcháin	ríomhaire glúine	scáthú súl